An Chuairt Stáit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chuairt stáit a thabharfaidh Uachtarán na hÉireann ar Bhanríon na Ríochta Aontaithe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

> Ar thug Uachtarán na hÉireann cuairt stáit ar an mBreatain riamh, dar leat? Cén fáth?

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- a far-reaching welcome: _____
- beyond bounds, exceedingly: _____
- that trip was a great success: _____
- despite the heavy security: _____
- everyone was surprised: _____
- together: _____
- to heal: _____
- reconciliation: _____
- Unknown Warrior Tomb: _____

Féach ar an mír den chéad uair agus féach an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a dúradh sa tuairisc faoi chuairt na Banríona in Éirinn?
2. Cad a bhí le rá ag an Taoiseach faoin scéal?
3. Cén fáth ar luadh Máire Mhic Róibín sa mhír?
4. Cad a dhéanfaidh an tUachtarán le linn na cuairte, thall i Sasana?

Ceist 4 '…a chneasú…'

A. Féach ar an abairt seo i nGaeilge agus i mBéarla. Cad é an difríocht is mó idir an dá abairt?

Is maith liom sceallóga prátaí a ithe.
I like to eat chips.

B. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

1. I have to sign the form.
2. She went upstairs to go to bed.
3. Do you have many Christmas presents to buy?
4. I'm going home now to write that essay.
5. Did you go to the cinema to see Gravity?

6. He never managed to finish his dinner.
7. I can't go out. I have to wash my hair.
8. It's very difficult to organise meetings.

Ceist 5 An briathar saor arís! Bhí na samplaí seo den bhriathar saor sa tuairisc. Cuir an fhoirm cheart den bhriathar saor do gach briathar sna bearnaí:

1. Cuir (aimsir chaite): _____
2. Tuairiscigh (aimsir láithreach): _____
3. Meas (aimsir láithreach): _____

Ceist 6 Féach ar an gcuid dheireanach den script. An bhfuil séimhiú ar na focail nó nach bhfuil? Bain triail as na bearnaí a líonadh sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc arís.

Thug Máirín Mhic Róibín cuairt ar an mBanríon agus ise ina hUachtarán i 1993, ach ní (cuairt) _____ stáit a bhí ansin. Dúirt sí gur deis é seo leis na gortuithe a bhain leis an am atá caite a chneasú. Dúirt sí leis, gur dul chun cinn é don tsíocháin agus don athmhuintearas. Níl na mionsonraí maidir le cuairt stáit an Uachtaráin, Michael D Higgins, chun na Breataine foilsithe fós. Tuairiscítear áfach go bhfanfaidh sé féin agus a (bean) _____ chéile, Sabina, i gCaisleán Windsor. Meastar leis go mbeidh deis aige cuairt a thabhairt ar Thuama an Ghaiscígh gan Aithnid i Mainistir Westminster, mar aon le freastal ar (dinnéar) _____ oifigiúil, agus b'fhéidir ar choirm cheoil, leis an ngaol idir an dá (tír) _____ a léiriú. Leanfaidh an (cuairt) _____ ar aghaidh trí lá, ag tosnú ar an ochtú agus ag críochnú ar an deichiú lá d'Aibreán.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

a far-reaching welcome:	*fáilte fhorleathan*
beyond bounds, exceedingly:	*as cuimse*
that trip as a great success:	*d'éirigh thar barr leis an turas céanna*
despite the heavy security:	*in ainneoin na dianslándála*
everyone was surprised:	*cuireadh ionadh ar chách*
together:	*in éindí*
to heal:	*a chneasú (cneasaigh)*
reconciliation:	*athmhuintearas*
Unknown Warrior Tomb:	*Tuama an Ghaiscígh gan Aithnid*

Ceist 3

1. Tá sé breis is dhá bhliain ó thug an Bhanríon Eilís II cuairt ar an tír seo agus d'éirigh thar barr leis an turas céanna. In ainneoin na dianslándála a cuireadh i bhfeidhm ní raibh trioblóid dá laghad ag baint leis an turas agus cuireadh ionadh ar chách nuair a chonacthas an fháilte a cuireadh roimpi ar na sráideanna.
2. Deir an Taoiseach gur nuacht an-tábhachtach í seo, go bhfuil an tUachtarán ag tabhairt cuairt oifigiúil, fhoirmeálta ar Bhanríon na Ríochta Aontaithe. Deir sé gur cheart do mhuintir na hÉireann agus na Breataine a bheith ag obair le chéile as seo amach.
3. Thug Máire Mhic Róibín cuairt ar an mBanríon i 1993 nuair a bhí sí féin ina hUachtarán ach ní cuairt stáit a bhí ann. Dúirt sí gur deis é seo leis na gortuithe a bhain leis an am atá caite a chneasú. Dúirt sí freisin, gur dul chun cinn é don tsíocháin agus don athmhuintearas.
4. Tuairiscítear go bhfanfaidh sé féin agus a bhean chéile, Sabina, i gCaisleán Windsor. Meastar go mbeidh deis aige cuairt a thabhairt ar Thuama an Ghaiscígh gan Aithnid i Mainistir Westminster, mar aon le freastal ar dhinnéar oifigiúil agus ar cheolchoirm.

Ceist 4

A. Is maith liom sceallóga prátaí <u>a ithe</u>.
I like <u>to eat</u> chips.

Tá an briathar tar éis an ainmfhocail (más cuspóir díreach é) i nGaeilge agus roimh an gcuspóir i mBéarla.

B.

1. Caithfidh mé an fhoirm a shíniú.
2. Chuaigh sí suas staighre chun dul* a luí.
3. An bhfuil a lán bronntanas Nollag le ceannach agat?
4. Tá mé ag dul abhaile chun an aiste sin a scríobh.
5. An ndeachaigh tú go dtí an phictiúrlann chun *Gravity* a fheiceáil?
6. Níor éirigh leis a dhinnéar a chríochnú.
7. Ní féidir liom dul amach. Caithfidh mé mo chuid gruaige a ní.
8. Tá sé an-deacair cruinnithe a eagrú.

*Nóta: Ní bhíonn aon chuspóir díreach ag an mbriathar *téigh*. Mar sin, tá an struchtúr a bhaineann le *'dul'* difriúil leis na samplaí eile thuas.

Ceist 5

1. Cuir (aimsir chaite): *cuireadh*
2. Tuairiscigh (aimsir láithreach): *tuairiscítear*
3. Meas (aimsir láithreach): *meastar*

Ceist 6

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na bearnaí a líonadh sula bhféachfaidh siad ar an tuairisc arís.

Thug Máirín Mhic Róibín cuairt ar an mBanríon agus ise ina hUachtarán i 1993, ach ní **cuairt** stáit a bhí ansin. Dúirt sí gur deis é seo leis na gortuithe a bhain leis an am atá caite a chneasú. Dúirt sí leis, gur dul chun cinn é don tsíocháin agus don athmhuintearas. Níl na mionsonraí maidir le cuairt stáit an Uachtaráin, Michael D Higgins, chun na Breataine foilsithe fós. Tuairiscítear áfach go bhfanfaidh sé féin agus a **bhean** chéile, Sabina, i gCaisleán Windsor. Meastar leis go mbeidh deis aige cuairt a thabhairt ar Thuama an Ghaiscígh gan Aithnid i Mainistir Westminster, mar aon le freastal ar **dhinnéar** oifigiúil, agus b'fhéidir ar choirm cheoil, leis an ngaol idir an dá **thír** a léiriú. Leanfaidh an **chuairt** ar aghaidh trí lá, ag tosnú ar an ochtú agus ag críochnú ar an deichiú lá d'Aibreán.

Iarr ar na foghlaimeoirí cúis an tséimhithe a insint duit freisin:
-ní cuairt – ní bhíonn séimhiú tar éis 'ní' más í an chopail atá i gceist.
-a bhean – an aidiacht shealbhach 'a' a chiallaíonn '*his*'.
-ar dhinnéar – bíonn séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ***ar*** nuair nach staid, suíomh nó am atá i gceist.
-an dá thír – leanann séimhí ***dá/ dhá***.
-an chuairt – focal baininscneach a thosaíonn le consan.

Eimear Ní Chonaola
Cuireadh fáilte fhorleathan roimh an bhfógra go bhfuil an tUachtarán, Michael D Higgins, le cuairt stáit a thabhairt ar an mBreatain i mí Aibreáin seo chugainn. Dúirt an Taoiseach go mb'iontach an deis a bheas[1] ann cur leis an gcaidreamh idir an dá oileán; agus go dtiocfadh deiseanna as cuimse as. Seo é an chéad chuairt oifigiúil stáit dá leithéid.

Sorcha Ní Riada
Tá sé breis is dhá bhliain ó shin ó thug an Bhanríon Eilís II, cuairt ar an dtír[2] seo agus d'éirigh thar barr leis an turas céanna. In ainneoin na dianslándála a cuireadh i bhfeidhm ní raibh trioblóid dá laghad ag baint leis an turas agus cuireadh ionadh ar chách nuair a chonacthas[3] an fháilte a cuireadh roimpi ar na sráideanna. Tá sé ráite ag polaiteoirí ó thuaidh agus ó dheas go léiríonn an chuairt stáit atá anois beartaithe ag an Uachtarán[4], Mícheál D Ó hUiginn, ar an mBreatain, an dul chun cinn atá déanta sa chaidreamh idir an dá thír.

An Taoiseach, Enda Kenny
Tá a fhios ag gach duine gur tábhachtach an nuacht é seo os rud é go bhfuil Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins, ag dul trasna go dtí an Bhreatain, go foirmeálta agus go hoifigiúil. Agus, ag éirí as sin, sílim gur chóir go mbeadh muintir na hÉireann agus muintir na Breataine ag obair in éindí as ucht na dtorthaí a thiocfaidh as an gcuairt seo. Aontaím leis go láidir.

Sorcha Ní Riada
Thug Máirín Mhic Róibín cuairt ar an mBanríon Eilís II, agus ise ina hUachtarán i 1993, ach ní cuairt stáit a bhí ansin. Dúirt sí gur deis é seo leis na gortuithe a bhain leis an am atá caite a chneasú. Dúirt sí leis, gur dul chun cinn é don tsíocháin agus don athmhuintearas. Níl na mionsonraí maidir le cuairt stáit an Uachtaráin, Michael D Higgins, chun na Breataine foilsithe fós. Tuairiscítear áfach go bhfanfaidh sé féin agus a bhean chéile, Sabina, i gCaisleán Windsor. Meastar leis, go mbeidh deis aige cuairt a thabhairt ar Thuama an Ghaiscígh gan Aithnid i Mainistir Westminster, mar aon le freastal ar dhinnéar oifigiúil, agus b'fhéidir ar choirm cheoil, leis an ngaol idir an dá thír a léiriú. Leanfaidh an chuairt ar aghaidh trí lá, ag tosnú ar an ochtú agus ag críochnú ar an deichiú lá d'Aibreán.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] = *a bheidh* sa chaighdeán oifigiúil
[2] *ar an dtír* a deirtear i nGaeilge na Mumhan. *Ar an tír* atá sna canúintí eile.
[3] *fhacthas* a deirtear
[4] *ag an tUachtarán* a deirtear